

Foras Taighde ar Oideachas

Plean Straitéiseach 2022-2024



Foras Taighde ar
Oideachas
Educational
Research Centre

Clár Ábhar

Buíochas	2
Réamhfocal ón gCathaoirleach	3
Réamhfocal ón bPríomhfheidhmeannach	4
Liosta na nAcrainmneacha agus na nGiorrúchán	5
Buaicphointí ó Phlean Straitéiseach an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO)	6
Fís straitéiseach	6
Misean	6
Luachanna	6
Treoírphrionsabail	6
Téamaí trasghearrtha agus tréimhsí na straitéise	7
Cuspóirí, spriocanna agus torthaí 2022-2024	7
Cuid 1: Réamhrá	9
Forléargas	9
Meastóireacht achomair ar 2019-2021	9
Comhthéacsanna Inmheánacha agus Seachtracha	10
Cuid 2: Forbairt an Phlean Straitéisigh	12
Cuid 3: Plean straitéiseach an FTO 2022-2024	13
Fís straitéiseach	13
Misean	13
Luachanna	13
Treoírphrionsabail	14
Tréimhsí na straitéise	17
Idirspheáchais	19
Téamaí trasghearrtha na straitéise	19
Cuspóirí, spriocanna agus torthaí 2022-2024	20
Gníomhaíochtaí	22
Cuid 4: Athbhreithniú agus monatóireacht	29
Aguisín: Liosta na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí a ndeachthas i gcomhairle leo faoin bplean	30

Buíochas

Comhiarracht é an plean straitéiseach seo i measc fhoireann an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO), ag obair le Láraonad Beartais (LAB) na Roinne Oideachais (RO). Seo é an dara plean straitéiseach ag an FTO a chlúdaíonn an tréimhse 2022-2024 agus tagann sé i ndiaidh Plean Straitéiseach Eatramhach a cuireadh faoi bhráid na RO i mí na Nollag 2021.

Táimid faoi chomaoin ag baill ár mBord, Denise Burns (Cathaoirleach Gníomhach), Éamonn Murtagh, Michael Martin agus Sharon Feeney as a n-ionchur i ndrúchtú agus i gcur i gcrích an phlean straitéisigh. Ár mbuíochas lenár bhfoireann uile as a rannpháirtíocht fairsing le Príomhfheidhmeannach agus Ceannasaí Rialachais agus Gnóthaí Corparáideacha an Fhorais le linn tréimhse fhorbartha an phlean.

D'éilíomar freagraí ó 25 grúpaí comhpháirtíochta/geallsealbhóirí trí shuirbhé comhairliúcháin a rinneadh i mí Eanáir 2022, agus aithnímid agus gabhaimid buíochas leis na gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a chuir freagraí agus tráchtairacht luachmhar ar fáil. Tá na gníomhaireachtaí a ndeachthas i gcomhairle leo maidir leis an bplean liostaithe san Aguisín.

Réamhfhocal ón gCathaoirleach

Is cúis áthais do Bhord Rialaithe an Fhorais Taighde ar Oideachas a Phlean Straitéiseach do 2022 - 2024 a chur i láthair. Seo é dara Plean Straitéiseach an FTO ó ghnóthaigh sé bonn straitéiseach faoin Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015. Tá a lán bainte amach ó ghnóthaigh an FTO a bhonn reachtúil.

Tá obair an FTO suntasach i dtírdhreach oideachasúil na hÉireann. Soláthraíonn measúnuithe ar mhórsála sonraí inchomparáide idir daltaí agus scoileanna in Éirinn agus iad siúd i dtíortha eile. Soláthraíonn tástálacha atá forbartha ag an FTO agus a úsáideann scoileanna sonraí ar fheidhmíocht agus ar riachtanais acadúla daltaí aonair agus rang-ghrúpaí daltaí, rud a chuidíonn le bonn eolais a chur faoi chleachtais teagaisc agus foghlama.

Cuireann an plean straitéiseach seo fíis in iúl d'obair an FTO chun a chlár oibre agus na sonraí luachmhara a ghintear uaidh a bharrfheabhsú. Mar chuid den fhíis tá straitéis chomhleanúnach taighde agus measúnaithe á bhunú a chuimsíonn measúnuithe ar mhórsála, meastóireachtaí agus forbairt tástálacha. Luaitear sa bhfíis an dóchas maidir le socrú acmhainne ilbhliantúil leis an Roinn Oideachais chun saolréanna na dtionscadal a phleanáil go héifeachtach agus a chur i bhfeidhm. Chuige seo, sa Phlean Straitéiseach moltar struchtúir a fheabhsódh caidreamh, cumarsáid agus comhthuiscint idir an FTO agus an Roinn. Chinnteodh struchtúir dá leithéid sin go mbeadh na haschuir ón FTO in oiriúint go maith do straitéisí náisiúnta agus do thosaíochtaí agus riachtanais áitiúla. Go cómhálartach, d'fhéadfaí sonraí a ghineann an FTO a bharrfheabhsú chun tosaíochtaí náisiúnta polasaí a shocrú agus chun acmhainní oideachais a leithdháileadh.

Tréaslaíonn an Bord le foireann an FTO as ucht an tiomantais agus na gairmiúlachta atá mar bhonn le cáilíocht agus cainníocht na hoibre a tháirgtear. Is mian leis an mBord aitheantas agus buíochas a chur in iúl don Dochtúir Jude Cosgrove, Príomhfheidhmeannach, as a saineolas, a tiomantas agus a hiontaofacht agus a ceannaireacht agus í ag tabhairt treorach éifeachtach don FTO le blianta beaga le treo soiléir tugtha aici don todhchaí.

Tá an Bord ag tnúth le bheith ag obair leis an bhfoireann, an Roinn Oideachais agus comhoibrithe i gcur i bhfeidhm an phlean straitéisigh.

Denise Burns

An Dochtúir Denise Burns

Cathaoirleach Gníomhach

Réamhfocal ón bPríomhfheidhmeannach

Cé go bhfuil an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ann ó 1966, níor bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil neamhspleách go dtí Meán Fómhair 2015, faoi Alt 54 den Acht Oideachais, 1998. Chlúdaigh a chéad phlean straitéiseach an tréimhse 2019-2021, a tharla i gcomhthráth le tréimhse aistrithe agus athraithe, ní hamháin i dtéarmaí rialachais agus struchtúir an FTO, ach freisin laistigh de chomhthéacs na paindéime COVID-19.

Tá an dara plean straitéiseach seo eagraithe de réir na dtrí théama **obhsú, breisiú** agus **nuálú** chun comhthéacs reatha agus tosaíochtaí straitéiseacha an FTO a léiriú, agus is iad sin ár gclár oibre agus ár mbealaí oibre a chobhsú; acmhainn, acmhainní agus rialachas a bhreisiú tuilleadh; agus, i réimsí áirithe dár gcuid oibre, nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm ionas gur féidir linn sármhaitheas agus éifeachtacht a sholáthar ar bhealach níos fearr in am éiginnte ó thaobh athruithe digiteacha, comhshaoil agus sochaíocha.

Táim an-bhuíoch go raibh de phribhléid agam an FTO a threorú trí chur i bhfeidhm a chéad phlean straitéisigh, agus ba léir dom obair eisceachtúil ár bhfoirne le linn na tréimhse seo. Ina theannta sin, bhí mé spreagtha ag, agus tógtha le, cúram agus inoiriúnaitheacht ár mbaill foirne agus ár gcomhghleacaithe, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí sna scoileanna ina mbímid ag obair maidir leis an gcaoi inar dhéileáil siad leis na dúshlán dheacra agus iomadúla a d'éascair ón bpaindéim.

Bíonn ionchuir thábhachtacha ag an FTO inár dtírdhreach náisiúnta oideachais agus, chun leanúint ag déanamh amhlaidh, ní mór dó ionchur a bheith aige i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta oideachais agus foghlaim uathu sin. Is féidir, agus ba chóir, tacú leis na dúshlán atá roimh ár gcóras oideachais faoi láthair trí thaighde, measúnú agus meastóireacht dea-dheartha agus curtha i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcóras. Léiríonn na téamaí atá fite fuaite trí phlean 2022-2024 na tosaíochtaí ar cheart don FTO díriú orthu sa tréimhse atá le teacht, mar atá aitheanta ag ár mBord, ár bhfoireann, ag an Roinn Oideachais, agus ag geallsealbhóirí éagsúla.

Tréaslaím agus gabhaim buíochas leis an mBord agus le foireann an FTO as rath a chéad phlean agus guím gach ádh ar an bhfoireann go léir le cur i bhfeidhm an dara plean seo.

Jude Cosgrove

An Dochtúir Jude Cosgrove

Príomhfheidhmeannach

Liosta na nAcrainmneacha agus na nGiorrúchán

AD	Acmhainní Daonna
BTB	Béarla mar Theanga Breise
CTÉ	An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (Tionscnamh na RO chun tacú le míbhuntáiste oideachasúil)
ETF	Eagraíocht Taighde-Fheidhmiú
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FTO	Foras Taighde ar Oideachas
IS	Intleacht Shaorga
LAB	Láraonad Beartais (na Roinne Oideachais)
MMS	Measúnú Mór-Scála (Déanann an FTO maoirsiú ar na MMSanna seo: NAMER, PIRLS, PISA, TIMSS)
NAMER	Measúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla
OCBÁC	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
PIRLS	Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léamh Idirnáisiúnta
PISA	An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí
PPADE	Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile - Béarla (triall chaighdeánaithe a rinne an SNSO agus an FTO a fhorbairt i gcomhpháirt)
RCPA	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
RGCS	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
RO	An Roinn Oideachais
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
TIMSS	Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht
TF	Teicneolaíocht Faisnéise

Buaicphointí ó Phlean Straitéiseach an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO)

Fís straitéiseach

Is í fís straitéiseach an FTO ná *sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú.*

Misean

Tá trí chuid inár misean, bunaithe ar Ordú Bunaíochta an FTO:

- Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh
- Measúnuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais
- Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

Luachanna

Tá príomhluachanna mar bhonn lenár gcuid oibre: ardluach ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre; luach ar iontaoibh agus muinín an phobail ionainn; luach agus meas ar fhoghlaiméirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, oideachasóirí agus geallsealbhóirí, agus ar a chéile; luach ar infheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne; tábhacht obair bhuíne, caidrimh agus obair chomhoibríoch; agus ár dtiomantas do luachanna na seirbhíse poiblí.

Treoirphrionsabail

Tá cúig threoirphrionsabal mar bhonn lenár gcuid oibre: cáilíocht, ábharthacht agus tionchar; cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus forbairt; ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta bunaithe ar fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta; spiorad comhoibríoch i gceannaireacht agus in obair bhuíne araon; agus ionchuimsitheacht agus meas.

Téamaí trasgheartha agus tréimhsí na straitéise

Ag eascairt as comhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha reatha, tá roinnt téamaí a thrasnaíonn na straitéise. Is iad sin: comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú; pobail Ghaeilge; oiliúint agus forbairt ghairmiúil; folláine foirne, rannpháirtíocht agus coinneáil; agus teicneolaíocht.

Cuspóirí, spriocanna agus torthaí 2022-2024

Cuspóirí

1. **Cobhsú** chun solúbthacht a fháil don timpeallacht oibre; don timpeallacht fhisiceach agus don bhonneagar; agus do staidéir agus seirbhísí taighde, meastóireachta agus measúnaithe, mar fhreagairt ar dhúshláin acmhainní agus ar phaindéim COVID-19
2. **Breisiú**, neartú agus feabhsú ar rialachas corparáideach agus comhlíonadh; ar fhorbairt agus seachadadh trialacha; agus ar anailís agus tuairisciú
3. **Nuálú** a thabhairt chuig táirgí agus seirbhísí; teicneolaíocht, uirlisí agus ionstraimí; agus eolas agus modhanna.

Spriocanna

1. I gcomhar leis an Roinn, struchtúr agus plean acmhainní inmharthana, ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre
2. I gcomhar leis an Roinn, clár oibre an FTO d'fhorbairt agus do chaighdeánú trialacha a neartú d'fhonn staidéir forbartha tástála, a aithnítear le chéile mar ardtosaíocht, a chur i bhfeidhm
3. Freagairt inbhuanaithe agus seasmhach a bhunú ar COVID-19 a ionchorpraíonn monatóireacht leanúnach agus bainistíocht riosca agus polasaí oibre cumaisc fadtéarmach
4. Straitéis TF a bhunú atá dlúthcheangailte le rialachas agus comhlíonadh agus le tosaíochtaí straitéiseacha an FTO
5. Straitéis chuimsitheach taighde agus measúnaithe a bhunú a thrasnaíonn measúnuithe ar mhórsála, meastóireachtaí, agus forbairt trialacha agus seirbhísí tástála do ghníomhaíochtaí scoile agus a chuimsíonn snáithe modheolaíochtaí anailíse agus naisc leis an straitéis FGL
6. Straitéis FGL a bhunú a chuimsíonn contanam FGL, a chuireann comhoibriú chun cinn, agus a ionchorpraíonn rannpháirtíocht, coinneáil agus folláine
7. Straitéis chumarsáide a bhunú a thugann tosaíocht don fheasacht agus don teagmháil leis an lucht éisteachta, le grúpaí Gaeilge, RSO agus BTB
8. Éifeachtachtaí breise a bhaint amach maidir le staidéir thaighde agus mheastóireachta a riar
9. Tógáil ar an gComhaontú le OCBÁC agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rialacht ar úinéireacht foirgneamh na Roinne Tástála d'fhonn feabhsuithe práinneacha a dhéanamh ar bhonneagar fisiceach an FTO
10. Struchtúir rialachais a neartú tuilleadh, le tosaíocht ag airgeadas, riosca agus iniúchadh, rialachas sonraí, agus AD.

Torthaí

1. Feidhmeanna reachtúla an FTO a fheidhmiú agus a acmhainniú laistigh de struchtúr comhleanúnach chun pleanáil straitéiseach agus acmhainní éifeachtach ilbhliantúil a chumasú idir an FTO agus an RO, aclaíocht sa bhfreagairt ar iarratais ón RO, agus feabhsuithe straitéiseacha chun obair neamhspleách agus comhoibriú a chumasú tuilleadh
2. Clár forbartha tástála agus caighdeánaithe modúlach éifeachtúil a thosú a sholáthraíonn aschuir ardchaighdeán agus a oireann go maith do riachtanais náisiúnta agus áitiúla agus do thosaíochtaí straitéiseacha
3. Eagraíocht mhuiníneach, sheasmhach agus shofhreagrach a ionchorpraíonn solúbthacht agus teicneolaíocht go héifeachtach ina timpeallacht oibre ach nach scaoileann lena croíluachanna ná a cultúr
4. Uirlisí TF, acmhainní, polasaithe agus próisis TF, acmhainní, beartais agus próisis a chuireann ar chumas na foirne oibriú go héifeachtach agus le feasacht níos leithne ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar chomhthéacsanna náisiúnta
5. Straitéis taighde agus measúnaithe atá ag teacht le comhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne, óna dtagann comhleanúnachas straitéiseach méadaithe ar fud na heagraíochta, agus a cheadaíonn éifeachtachtaí agus nuálaíochtaí a shainaithint
6. Straitéis forbartha gairmiúla agus pearsanta óna dtagann feabhsuithe i rannpháirtíocht, coinneáil, foghlaim ghairmiúil agus folláine
7. Straitéis cumarsáide a bhíonn rathúil maidir le feasacht agus teagmháil leis an lucht éisteachta, agus fócas ar leith ar ghrúpaí Gaeilge, RSO agus BTB
8. Staidéir thaighde agus mheastóireachta a bhíonn á riar ar bhealach níos éifeachtaí chun níos mó ama a cheadú d'obair anailíse agus nuálaíochta
9. Bonneagar fisiceach tacaithe ag plean tógála 10 mbliana, le hobair tosaithe chun dul i ngleic le himní faoi acmhainn, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil
10. Eagraíocht atá ag gnóthú nó ag druidim i dtreo barr feabhais i ngach réimse rialachais.

Cuid 1: Réamhrá

Forléargas

Sa chuid seo tugtar forléargas gairid ar chomhthéacs an FTO le déanaí agus faoi láthair, agus tugtar achoimre ar phríomhéachtaí a phlean 2019-2021. Cruthaíonn an t-athbhreithniú ar éachtaí agus ar dhúshláin roimhe seo bonn eolais d'fhorbairt na spriocanna agus na ngníomhaíochtaí faoin bplean reatha 2022-2024.

Meastóireacht achomair ar 2019-2021

I mBosca 1 tá liosta de roinnt éachtaí an FTO thar shaolré phlean 2019-2021, agus i mBosca 2 tugtar achoimre ar na príomhdhúshláin agus na príomhchonstaicí a tháinig chun cinn le linn na tréimhse sin¹.

BOSCA 1. BUAICPHOINTÍ GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS ÉACHTAÍ AN FTO, 2019-2021

- Méadú 25% ar an bhfoireann
- Tús rathúil curtha le ceithre thionscadal mhórsála agus iad ag dul chun cinn
- Foilsiú/críochnú 26 thuarascáil agus grafaic eolais, 18 n-alt piarmheasúnaithe, 23 cur i láthair comhdhála nó seimineár, 20 tástáil/lámhleabhar tástála/bogearraí tástála agus, i 2019, eagrú agus óstáil comhdháil idirnáisiúnta
- Ainmnithe do Ghradam Sármhaitheasa Státseirbhíse in 2021 d'obair i gcomhar leis an SNSO
- Timpeallachtaí cianoibre i bhfeidhm go rathúil don fhoireann mar fhreagra ar COVID-19
- Coigeartuithe rathúla agus riaradh measúnuithe ar mhórsála (NAMER, PIRLS agus PISA san áireamh) mar fhreagairt ar COVID-19
- Méadú 60% ar lucht leanta chuntas Twitter an FTO (ó 1450 go 2300) agus breis agus 300 giolc curtha amach
- Comhaontú fadtéarmach bunaithe le OCBÁC
- Forbairtí agus feabhsuithe suntasacha déanta maidir le rialachas, go háirithe iniúchóireacht/ rialuithe inmheánacha, airgeadas, riosca agus AD
- Feabhsuithe rímhóra ar bhonneagar, ar pholasaithe agus ar phróisis TF an FTO, lena n-áirítear ballraíocht i Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde
- Comhlíonadh bainte amach le Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Méid suntasach forbartha gairmiúla déanta i raon ábhar speisialaithe chun tacú le hobair thaighde, riaracháin agus theicniúil
- Oiliúint foirne-uile ar thopaicí lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, RGCS agus cibearshláid
- Soláthar rathúil, athfhorbairt agus úsáid chóras measúnaithe ar líne an FTO do scoileanna
- Soláthar rathúil seirbhísí síciméadracha/teicniúla ilbhliantúla, cló, iontráil sonraí, tacaíocht theicniúil measúnaithe ar mhórsála, ríomhairí glúine ar cíos agus seirbhísí dlí agus iniúchta
- Feabhsuithe suntasacha ar sheirbhísí díolacháin tástála do scoileanna le láithreán gréasáin nua agus catalóga nuashonraithe.

1 Eascraíonn siad seo as meastóireacht inmheánach ar chur i bhfeidhm an FTO ar a phlean straitéiseach 2019-2021, a chuimsigh iniúchadh inmheánach agus athbhreithniú agus plé machnamhach.

BOSCA 2. DÚSHLÁIN A THÁINIG CHUN CINN I 2019-2021

- An Cathaoirleach imithe ar scor i mí Iúil 2021 (An Leas-Chathaoirleach ag feidhmiú mar Chathaoirleach Gníomhach faoi láthair)
- Folúntas atá ann le fada do Ghnáthbhall (ó Mheán Fómhair 2018, líonta ag deireadh 2021)
- Bearnáí suntasacha ó thaobh acmhainne agus acmhainneacht léirithe i bPlean an Fhórsa Saothair 2021-2024 agus gan aghaidh tugtha orthu go fóill, as ar eascair moill nó cur siar ar roinnt tionscadal/aschur taighde, go háirithe staidéir forbartha trialacha, ina bhfuil forbairt trialacha trí mheán na Gaeilge mar thosaíocht
- Níos lú dul chun cinn ná mar b'inhianaithe ar phleanáil straitéiseach ilbhliantúil agus acmhainní leis an máthair-Roinn, ónar eascair ganntanais acmhainní/acmhainneachta chun roinnt den chlár oibre a chur chun cinn
- Atreorú riachtanach acmhainní chun bunfhreagairtí (m.sh. cianobair) agus freagairtí tánaisteacha (m.sh. coigeartuithe casta ar an gclár oibre atá ann cheana) an FTO ar phaindéim COVID-19 a bhainistiú.

Comhthéacsanna Inmheánacha agus Seachtracha

Ag breathnú go ginearálta ar chomhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha an FTO, is tosca tábhachtacha iad na cúig cinn seo a leanas ar gá iad a mheas nuair a bhíonn freagra straitéiseach agus modh oibre á bhunú don FTO le linn 2022-2024. Ciallaíonn impleachtaí fadréimseacha agus trasghearrtha na dtosca seo go mbíonn tionchar acu ar chomhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha araon.

1. Na forbairtí suntasacha a bhaineann le **teicneolaíochtaí digiteacha** (m.sh. aistriú an FTO chuig seirbhísí tástála néalbhunaithe do scoileanna; anailísíocht sonraí; IS agus foghlaim mheaisín; cianobair/obair chumaisc agus uirlisí do chruinnithe) a bhfuil impleachtaí acu do riachtanais bhonneagair TF an FTO; modh oibre foireann an FTO; an bealach is fearr is féidir leis an FTO dul i ngleic le riachtanais scoileanna agus a sheirbhísí tástála á soláthar aige; agus an ról straitéiseach is féidir a bheith ag an FTO chun léargas chun cinn a ghnóthú d'fhonn taighde agus polasaí a threorú.
2. Na hiarmhairtí meántéarmacha agus níos fadtéarmaí a eascraíonn as **cur isteach paindéim-ábhartha ar an scolaíocht agus ar na Scrúduithe Stáit** agus na himpleachtaí fadréimseacha a bhí acu seo ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí, ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú i gcoitinne.
3. Tá impleachtaí suntasacha ag 1 agus 2 thuas do straitéisí náisiúnta a bheidh gníomhach le linn shaolré na straitéise reatha seo (2022-2024)–dhá mhórcheann acu seo ná an **Straitéis Dhigiteach do Scoileanna** (a bhfuil a amlíne ag teacht le Plean Gníomhaíochta an AE um Oideachas Digiteach 2021- 2027) agus an **Straitéis Náisiúnta Lítearthachta agus Uimhearthachta** nua 10 mbliana.
4. Laistigh de chomhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha atá thar a bheith casta agus éiginnte, tá gá leanúnach le **trasnaisc agus comhleanúnachas** a aithint agus a leabú idir agus i measc snáitheanna éagsúla d'fheidhmeanna reachtúla an FTO, snáitheanna oibre, tosaíochtaí náisiúnta agus treochothaí idirnáisiúnta. Is féidir é seo a thacú agus a chumasú trí thrasnaisc breisithe

agus comhleanúnachas sna caidrimh idir an FTO, a mháthair-Roinn agus a gheallsealbhóirí. Áirítear i measc na réimsí trasghearrtha a bhfuil comhleanúnachas breise inmheánach agus seachtrach de dhíth **straitéis taighde agus measúnaithe** (lena n-áirítear measúnuithe mórscála agus trialacha a chuirtear ar fáil do scoileanna); pleanáil acmhainne meántéarmach go fadtéarmach; agus **úsáid sonraí mar bhonn eolais do pholasaí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm**. Tá gá le tuilleadh oibre inmheánach chun struchtúr, comhleanúnachas agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach maidir le **forbairt ghairmiúil agus phearsanta** agus maidir le **cumarsáid agus aschuir**. Is féidir tacú leo seo go léir trí rialachas láidir, mar shampla, an **folúntas reatha do Chathaoirleach Bhord Rialaithe an FTO a líonadh**.

5. Ní raibh an tábhacht chéanna ag baint riamh cheana le teacht aniar agus folláine na foirne FTO, agus an phobail i gcoitinne lena n-áirítear ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí. Tugadh dúshlán don fholláine leis an iliomad iarmhairtí diúltacha sláinte, sóisialta, teaghlaigh agus eacnamaíocha a d'eascair ón bpaindéim. Ba cheart an imní fhorleathan faoinár dtimpeallacht agus éifeachtaí dochracha na dteicneolaíochtaí digiteacha a admháil agus gníomhú ina leith, agus cruthaíonn sé seo an gá **teacht aniar, inbhuanaitheacht agus folláine a chur i gcroílár na straitéise**.

Cuid 2: Forbairt an Phlean Straitéisigh

Tá cur chuige céimnithe agus comhairleach araon ag baint le forbairt Phlean Straitéiseach 2022-2024.

- **Céim 1 - Athbhreithniú agus forbairt tosaigh** - Meán Fómhair-Samhain 2021
 - Athbhreithniú inmheánach ar an bplean straitéiseach atá ann cheana
 - Comhairliúchán le Foireann Bainistíochta Sinsearaí an FTO
 - Comhairliúchán leis an mBord Rialachais agus leis an Roinn Oideachais
 - Comhaontú ar ghnéithe ardleibhéil den phlean
 - Tosaíochtaí agus tréimhsí ardleibhéil a shainaithint.
- **Céim 2 - Comhairliúchán inmheánach** - Samhain 2021-Eanáir 2022
 - Comhairliúchán leis an bhfoireann trí shuirbhé
 - Iníúchadh breise ar phríomhthéamaí i bhfreagraí an tsuirbhé trí phlé i ngrúpaí chun tosaíochtaí, gníomhaíochtaí, spriocanna agus dúshlán a aithint
 - Plean eatramhach curtha faoi bhráid an Láraonad Beartais (LAB) i mí na Nollag 2021.
- **Céim 3 - Comhairliúchán seachtrach** - Eanáir 2022
 - Comhairliúchán le 25 comhpháirtí agus geallsealbhóir trí shuirbhé (an liosta ar fáil in Aguisín 1) le teagmhálacha agus comhráite leantacha nuair ba ghá
 - Chomhordaigh an LAB freagra ar chomhairliúchán an FTO trasna na rannóg agus na n-aonad éagsúla lena mbíonn an FTO ag obair.
- **Céim 4 - Plean a dhréachtú agus a chur faoi bhráid** - Feabhra-Márta 2022
 - Athbhreithniú na Foirne Bainistíochta Sinsearaí
 - Athbhreithniú an Bhoird Rialachais
 - Athbhreithniú na RO
 - An plean deiridh a chur faoi bhráid na RO ag deireadh mhí Mhárta.

Cuid 3: Plean straitéiseach an FTO 2022-2024

Fís straitéiseach

Ar aon dul le 2019-2021:

Sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú.

Leanfaidh an FTO ag cothú agus ag cur chun cinn a chuid oibre i réimsí nuálaíochtaí straitéiseacha taighde agus meastóireachta agus measúnachtaí a fhorbairt, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus tacóidh sé le scoileanna agus le hionaid oideachais eile maidir leis na measúnachtaí seo a úsáid.

Tá siad seo curtha sa bhreis againn do 2022-2024:

Cuirfidh sé seo ar chumas an FTO, go háirithe trína fheidhm neamhspleách taighde, nuálaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm sa taighde, sa mheastóireacht agus sa mheasúnú, agus tacóidh sé le hiarrachtaí náisiúnta i dtreo comhleanúnachas agus ailíniú straitéiseach sna réimsí sin.

Misean

Tá trí chuid inár misean (agus é seo gan athrú ó 2019-2021). Tagann an chéad dá cheann ón Ordú Bunaíochta agus tá an tríú cuid san áireamh mar bhealach riachtanach chun ár bhfeidhmeanna a fheabhsú agus a threorú trí chomhoibriú le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

1. Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh
2. Measúnuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais
3. Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

Luachanna

Níl aon athrú ar na luachanna ó 2019-2021:

1. Tá ardluach againn ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre

2. Tá luach againn ar iontaoibh agus muinín an phobail ionainn agus táimid tiomanta do sheasamh leis an muinín sin
3. Tá luach agus meas againn ar fhoghlaimoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara, agus ar a chéile freisin
4. Tá luach againn ar infheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne
5. Tá ríthábhacht ag baint dar linn le hobair bhuíne, le caidrimh agus le hobair chomhoibríoch
6. Táimid tiomanta do luachanna na seirbhíse poiblí.

Treoirphrionsabail

Tá éiteas agus foireann an Fhorais chomh tábhachtach céanna le hobair agus le haschuir an Fhorais. Tá ár gcuid oibre i ngach réimse agus ag gach leibhéal treoraithe ag na prionsabail seo a leanas. Tá roinnt de na treoirphrionsabail nuashonraithe ó 2019-2021 – lipéad ar gach ceann de réir mar atá nó nach bhfuil sé nuashonraithe.

1. **Cáilíocht, ábharthacht agus tionchar** **(Nuashonraithe do 2022-2024)**

Cibé an bhfuil ár gcuid oibre coimisiúnaithe ag an RO nó ag gníomhaireachtaí eile, nó ag an FTO féin, bíonn ardluach againn ar cháilíocht theicniúil na hoibre a dhéanaimid.

Bachóir cáilíochta bheith céim ar chéim le hábharthacht agus le hinrochtaineacht d'úsáideoirí agus do gheallsealbhóirí sa chóras oideachais agus ba chóir go gcruthódh ár dtaighde, ár meastóireacht agus ár measúnú luach dobhraite do na spriocghrúpaí atá i gceist.

Tuigimid gur féidir le tionchar a bheith déthreoch agus gur chóir dúinn féachaint lenár bpróisis agus ár n-aschur a choigeartú mar fhreagairt ar aiseolas ó chomhpháirtithe agus ó gheallsealbhóirí.

2. **Cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus forbairt** **(Nuashonraithe do 2022-2024)**

Caithfimid ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhealach a thugann tosaíocht d'inbhuanaitheacht imshaoil agus obair-ábhartha nó acmhainn-ábhartha ach ag an am céanna forbairt a chothú i réimsí taighde, measúnaithe agus meastóireachta.

Tuigimid nach féidir le gníomhaíochtaí forbartha tarlú go réasúnta mura mbíonn íosleibhéal seasmhachta sa bhfoirniú agus cur chuige struchtúrtha, pleanáilte dár gcuid oibre a chuimsíonn léargas ilbhlianta.

Táimid san airdeall faoi a thábhachtaí atá feidhm neamhspleách an FTO, is é sin, taighde a thionscnamh agus a dhéanamh do chomhlachtaí eile mar aon le cuspóirí straitéiseacha an FTO féin a chur chun cinn.

Aithnímid freisin a thábhachtaí atá sé ár spriocanna a bhaint amach faoi Spriocphlean Aeráide 2030, ionas go gcaithfidh gach forbairt, lena n-áirítear feabhsú bonneagair, a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san fhadtárma.

3. Ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta, a mbíonn forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn leo (Nuashonraithe do 2022-2024)

Mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách de chuid na Roinne Oideachais agus de réir ár sainordú mar atá forordaithe in Ordú Bunaíochta an FTO, leanfaimid i mbun gníomhaíochtaí thar ceann na Roinne, agus ag an am céanna ag tabhairt tosaíochta do phleanáil straitéiseach a thacaíonn le gníomhaíochtaí taighde neamhspleácha.

Dá réir sin, tá Ráiteas Straitéise na Roinne 2021-2023, mar aon le roinnt straitéisí agus polasaithe ar a bhfuil an straitéis sin bunaithe, mar bhonn eolais do Straitéis 2021-2023, ach go háirithe:

- Lítearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol
- Ráiteas Beartais agus Creat Cleachtais don Fholláine
- Plean DEIS
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna
- Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM.

Leanfaimid lenár bhfeidhm neamhspleách a fhorbairt agus a chur chun cinn trí rannpháirtíocht dhlúth a choinneáil le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ionas gur féidir linn cur lenár gcumas ceannaireachta agus tacaíochta i gcleachtais taighde, mheastóireachta agus measúnaithe in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tarlaíonn tacaíocht agus feabhsú feidhm neamhspleáchais an FTO ar bhealaí éagsúla:

- trí bheith páirteach i gcomhdhálacha idirnáisiúnta a eagrú, lena n-áirítear comhdhálacha an Chomhlachais um Measúnú Oideachais - An Eoraip (2022) agus an Comhlachas Eorpach um Thaighde Ógánach (2022)
- trí fhoilseachán an FTO Irish Journal of Education
- san fhoghlaim a tháinig ónár rannpháirtíocht i measúnuithe idirnáisiúnta ar mhórsála
- trí rannpháirtíocht/ionchuir i gcomhdhálacha agus i gceardlanna idirnáisiúnta agus in irisí idirnáisiúnta
- trí staidéir/ghníomhaíochtaí taighde a dhéanamh thar ceann comhlachtaí seachas an Roinn Oideachais
- trí bheith ag obair i gcomhpháirt le comhghleacaithe in eagraíochtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Samplaí d'fhorbairtí idirnáisiúnta suntasacha le linn saolré an Phlean Straitéisí seo:

- An chéad riarachán digiteach den Staidéar Treochtaí sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht Idirnáisiúnta (TIMSS) in Éirinn i 2023
- An t-aistriú ó thástáil an earraigh go dtí tástáil an fhómhair in Éirinn don Clár um Measúnú Idirnáisiúnta Daltaí (PISA) an ECFE i 2022
- Rannpháirtíocht leanúnach i FLIP+, eagraíocht idirnáisiúnta ríomh-mheasúnaithe ar líne
- Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach 2021-2027 ag leibhéal an AE.

Tá siad seo i measc na bpríomhfhorbairtí a bhfuil an FTO ábalta iad a scrúdú ar bhealach réamhbhreathnaitheach:

- Dearadh measúnaithe ríomhaire-bhunaithe agus anailís ar shonraí, chun oiriúnú níos fearr a sholáthar do riachtanais ag leibhéal na scoile agus an chórais araon
- Dul chun cinn anailíseach agus coincheapúil a cheadaíonn úsáid bhreise a bhaint as tacair sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana, agus forbairtí coincheapúla chun léargais nua a sholáthar
- Cineál na nasc idir thorthaí oideachasúla agus torthaí eile (m.sh. folláine), chun comhleanúnachas breise a éascú i dtaighde, polasaí agus cleachtas.

4. *Spiorad comhoibríoch i gceannaireacht agus in obair bhuíne* (Gan athrú ó 2019-2021)

Creidimid go bhfuil comhoibriú ríthábhachtach i ngach gné dár gcuid oibre. Foghlaimimid óna chéile agus ó ghníomhaireachtaí seachtracha agus ó gheallsealbhoirí araon, agus breathnaímid ar an bhfoghlaim, i gcomhpháirt mar thiomántóir don fheabhsúchán. Déantar an fhoireann shinsearach a ghríosú agus a éascú chun treoir, meantóireacht agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann shóisearach agus chun ceannaireacht agus dea-bhainistíocht a léiriú. Is fiúntas dúinn a bheith ag obair i mbuíonta mar gheall ar chastacht na ndúshlán a bhaineann leis an oideachas agus castacht na modhanna a bhíonn in úsáid do thaighde oideachasúil.

5. *Ionchuisitheacht agus meas* (Nuashonraithe ó 2022-2024)

Bíonn ionchuisitheacht agus meas mar bhuntaca le gach gné dár gcuid oibre agus is tréithe iad seo a bhaineann le prionsabal an spioraid chomhoibríoch. Mar aon leis sin, bíonn ardluach againn ar ár bhfeasacht agus ár n-íogaireacht don raon riachtanas agus ábhar spéise atá ag na grúpaí éagsúla laistigh den chóras oideachais, nó bainteach leis an gcóras. Tá sé mar aidhm againn rochtain agus ábharthacht ár dtuarascálacha agus ár n-aschuir eile (m.sh. an láithreán

gréasáin, trialacha caighdeánaithe agus doiciméid tacaíochta) a fheabhsú ionas gur féidir linn ionchuisitheacht agus meas níos iomláine a léiriú ar ár bpobail dhifriúla, lena n-áirítear iad siúd i bpobail Ghaeilge agus i gcomhthéacsanna éagsúla socheacnamaíocha agus teangeolaíochta eile.

Tréimhsí na straitéise

Ionann agus ár bPlean Straitéiseach 2019-2021, rinneamar ár bplean 2022-2024 a dheardh thar trí chéim. Forluíonn agus gearrann na céimeanna thar feidhmeanna eagraíochtúla.

Is réamhtheachtaí é **Cobhsú** don **Breisiú**, agus is réamhtheachtaí é sin roimh **Nuálú**. Tá gaoil idir na tréimhsí. Mar shampla, bíonn cobhsú riachtanach don nuálú, ach bíonn nuálú riachtanach do chobhsaíocht fhadtéarmach an FTO.

Féadfaidh céimeanna éagsúla a bheith i bhfeidhm ag am ar leith, ag brath ar an bhfeidhm eagraíochta atá á breithniú. Tá na céimeanna á dtiomáint ag teaghlaim de:

- **Comhairliúchán** – thar gach céim ach go háirithe sa chéim chobhsaithe, dul i gcomhairle go forleathan leis an bhfoireann; agus thar gach céim, tosaíocht a thabhairt do dhul i dteagmháil lenár bpríomh ngeallsealbhóirí, go háirithe ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí – chun ár n-aschur agus ár seirbhísí a fheabhsú
- **Éifeachtacht** – thar gach céim, déanaimid ár ndícheall éifeachtacht a bhaint amach, trí phleanáil ghnó chomhleanúnach, trí chomhoibriú, trí chéimeanna agus/nó próisis sreafa oibre a laghdú/a chuíchóiriú, agus trí úsáidí oiriúnacha agus éifeachtacha na teicneolaíochta
- **Sármhaitheas** – trasna na gcéimeanna cobhsú agus breisiú, agus ansin an fhoghlaim uathu seo a úsáid mar bhonn don chéim nuálaíoch, ag tógáil ar a bhfuil foghlamtha againn, ag lorg cur chuige agus réitigh go gníomhach chun ár mbealaí oibre a fheabhsú.

2022-2024: Cobhsú

I gcomhthéacs na paindéime COVID-19 a leanann, tá mór-athruithe tarlaithe ar bhealaí oibre, agus tá impleachtaí acu sin do raon saincheisteanna foirne, bonneagair agus timpeallachta oibre, agus d'fheidhmiú fheidhmeanna reachtúla an FTO. Beidh gá na hathruithe as cuimse seo a tharla mar thoradh ar an bpaindéim, agus na freagairtí teicneolaíochta agus eile atá ag tarlú chun freastal ar na dúshlán seo, a chur san áireamh nuair a bhíonn stiúradh cobhsaí á chur ar staidéar taighde agus meastóireachta, mar aon le seachadadh seirbhísí measúnaithe an FTO do scoileanna agus d'ionaid eile.

Bhí roinnt dúshlán agus moilleanna freisin inár gclár oibre 2019-2021 a bhféadfadh baint dhíreach a bheith acu le heaspa acmhainne foirne, agus go háirithe (mar a léirítear inár bPlean Fórsa Saothair 2021-2024), ganntanas foirne bainistíochta, riaracháin agus teicniúla, agus ganntanas taighdeoirí le scileanna Gaeilge chun raon staidéar forbartha trialach agus caighdeánaithe a chur i bhfeidhm mar a aontaíodh

lenár máthair-Roinn. Chun cobhsaíocht a bhaint amach maidir le forbairt trialacha, tá gá le plean fadtéarmach lena n-áirítear athfhorbairt thimthriallach/mhodúil, mar aon le foireann shonrach do thionscadail lárnacha agus phráinneacha.

Dá réir sin, tá sé mar ardtosaíocht ag an FTO comhaontú meántéarmach a bhunú lena mháthair-Roinn ionas gur féidir teacht ar réitigh chun acmhainní a chur ar fáil d'fhonn tosaíochtaí oibre comhaontaithe an FTO a acmhainniú agus a chur i bhfeidhm. Bheadh feidhmiú gnéithe oibriúcháin d'Ionstraim Straitéiseach an FTO (I.R. Uimh. 392 de 2015) i gceist leis an gcomhaontú seo, ina ndéanfaí feidhmeanna neamhspleácha agus rialachais an FTO a shainiú, mar shampla le cur ar chumas an FTO freagairt éifeachtach a thabhairt ar iarrataí ar obair do ghníomhaireachtaí agus do Ranna eile seachas a mháthair-Roinn; freagairt go héifeachtach do chuirí chun obair a dhéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile; agus tús a chur é féin le hobair chomhoibríoch neamhspleách a thacaíonn lena thosaíochtaí straitéiseacha.

Tá sé tábhachtach freisin, don chéim, seo go mbunófar Straitéis Tógála níos fadtéarmaí a chuimseoidh teicneolaíocht dhigiteach agus cúinsí inbhuanaitheachta/imshaoil, mar aon le riachtanais fhadtéarmacha an FTO.

D'aon ghnó, trasnaíonn an chéim chobhsaithe thar na trí bliana ar fad den phlean straitéiseach chun léiriú a thabhairt ar na hiarrachtaí suntasacha agus marthanacha a bheidh de dhíth chun tosaíochtaí straitéiseacha an FTO a bhaint amach faoin gcéim seo.

2023-2024: Breisiú

In ainneoin dúshlán rialachais agus acmhainní, tá sé beartaithe ag an FTO bogadh ó chobhsú go feabhsú i dtrí phríomhréimse le linn shaolré an phlean reatha: úsáid sonraí chun a fheidhmeanna monatóireachta agus meastóireachta a fheabhsú; seirbhísí do scoileanna (trí thrialacha nua a fhorbairt agus tacaíochtaí feabhsaithe a sholáthar do thástálacha reatha agus nua); agus rannpháirtíocht le geallsealbhóirí eile agus leis an bpobal i gcoitinne (le tuairisciú agus aschuir eile).

2024: Nuálú

Ar choinníoll go mbíonn cobhsú agus breisiú leordhóthanach ann, tá sé beartaithe ag an FTO snáitheanna áirithe dá chuid oibre a bhogadh go céim nuálaíochta (i.e. iad siúd atá luaite faoin gcéim Breisiú). Bainimid úsáid as sainmhínte agus creat an ECFE (2014)² don nuálú chun nuálaíocht inár dtáirgí agus inár seirbhísí a shainaithint agus a chur i bhfeidhm (m.sh. tástálacha agus seirbhísí tástála do scoileanna); teicneolaíocht, uirlisí nó ionstraimí (m.sh. díolacháin agus seirbhísí tástála a chomhtháthú leis an ardán measúnaithe ar líne agus a fheabhsú); agus eolas agus modhanna (m.sh. dáileadh agus anailís éifeachtach ar chartlann sonraí tástála beartaithe an FTO).

Idirspheáchais

Áirítear le dea-phleanáil agus bainistíocht straitéiseach róil agus freagrachtaí do ghníomhaíochtaí a shainaithint. Sonraítear i bplean 2022-2024 róil agus idirspheáchais ag an leibhéal gníomhaíochta chun monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean a éascú. Aithníonn an phleanáil ghnó bliantúil atá mar bhonn leis an bplean idirspheáchais sheachtracha, úinéirí, agus leibhéil iarrachta bainteach le gach gníomh.

Téamaí trasgheartha na straitéise

Ag eascirt as comhthéacs seachtrach agus inmheánach an FTO, rinneadh cúig théama a bhaineann le feidhmeanna éagsúla na heagraíochta a shainaithint tríd an bpróiseas comhairliúcháin. Cé go mbaineann téamaí áirithe le formhór na bhfeidhmeanna nó leis na feidhmeanna go léir, ní bhaineann cuid eile ach le roinnt bheag díobh. I gcomhairle leis an bhfoireann, measadh go raibh na téamaí seo go léir tábhachtach do shnáitheanna éagsúla dár gcuid oibre; luaigh roinnt dár ngeallsealbhóirí na téamaí seo freisin ina bhfreagraí.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú: Tá baint ag an téama seo lenár gcuid oibre go léir, go háirithe le ceithre réimse – inrochtaineacht ár bhfoirgneamh; inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta inár dtástálacha agus in aschuir eile (m.sh. tuarascálacha); agus sinn ag obair lena chéile mar bhaill d'fhoireann an FTO; agus inár gcuid oibre agus sinn ag dul i gcomhairle leis an raon geallsealbhóirí a idirghníomhaíonn leis an FTO.

Pobail Ghaeilge: Ó tháinig an FTO faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2020, táimid tar éis córas gutháin dátheangach, síniú corparáideach ríomhphoist, agus cumas feabhsaithe foirne freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin i nGaeilge a chur i bhfeidhm. Foilsímid ár dtuarascálacha bliantúla agus ár bplean straitéiseach i nGaeilge, agus tá cuid dár n-aschur taighde (m.sh. grafaicí eolais) foilsithe againn i nGaeilge agus i mBéarla. Mar ghnáthchleachtas, eiseoimid litreacha, suirbhéanna agus ábhair eile do scoileanna i nGaeilge agus i mBéarla mar chuid dár n-obair allamuigh ar staidéir taighde agus ar chumarsáid. Caithfimid tógáil ar an obair seo anois, áfach, chun ár bhfeidhmeanna faoin Acht Oideachais 1998 a bhreisiú trí chlár measúnaithe a fhorbairt a thugann tosaíocht do thrialacha Gaeilge ar ardchaighdeán.

Oiliúint agus forbairt ghairmiúil: I bhfianaise ár gcineál oibre taighde agus measúnaithe atá ag éabhlú go tapa, mar aon leis an ngá a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí reachtaíochta, sonraí, rialachais agus teicneolaíochta, tá oiliúint agus forbairt ghairmiúil mar bhonn le gach ceann dár 10 sprioc. Tuigimid oiliúint agus forbairt ghairmiúil mar shraith gníomhaíochtaí a chuimsíonn speictream meantóireachta agus maoirseachta neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil; oiliúint faisnéise/nós imeachta; foghlaim chomhoibríoch do dhaoine aonair agus d'fhoirne; malartuithe comhoibríocha lenár gcomh-ghníomhaireachtaí agus le comhlachtaí agus geallsealbhóirí eile; cleachtais chomhairliúcháin; freastal ar chomhdhála, seimineáir agus ceardlanna; cúrsaí cineálach agus oiriúnaithe; agus gníomhaíochtaí foghlama creidiúnaithe níos foirmeálta (m.sh. iarchéim nó dioplóma). Ag teacht leis an straitéis fhoriomlán, na

luachanna agus na prionsabail, tuigimid gur gá na gníomhaíochtaí éagsúla seo a fhí isteach i ngach snáithe dár gcuid oibre.

Folláine, rannpháirtíocht agus coinneáil foirne: I gcomhairle leis an bhfoireann, tháinig an téama déach coinneáil agus folláine chun cinn, iad nasctha trí rannpháirtíocht, b'fhéidir. Is ábhar imní é an rannpháirtíocht toisc cineál an-speisialaithe agus teicniúil ár gcuid oibre; ráta láimhdeachais 25% san fhoireann i 2019-2021 (mar gheall ar scor agus éirí as leas, rannpháirtíocht agus coinneáil na foirne: ceithre iarratas ar bhriseadh gairme i measc na foirne taighde (2019-2021); agus creimeadh na folláine a tharla ó thosaigh an phaindéim. Aithnímid freisin gur gá comhleanúnachas a chothú ar fud raon ár ngníomhaíochtaí chun an taitneamh a bhaineann an fhoireann as rannpháirtíocht agus dúshlán a uasmhéadú, agus ag an am céanna mothú go bhfuil éisteacht agus tacaíocht mhaith á fháil. Tá téama na folláine nasctha le téama an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe, sa mhéid is go n-aithníonn an FTO go mbeidh éagsúlacht i gceist sna tosca a chuireann leis an bhfolláine (agus coinneáil) do bhaill foirne éagsúla.

Teicneolaíocht: Tá forbairt agus feabhsú suntasach tarlaithe ar bhonneagar TF an FTO le linn 2021, agus leanfar leis seo le linn tréimhse an phlean reatha (2022-2024). Cuirtear cur chuige straitéiseach i leith na teicneolaíochta chun cinn sa phlean reatha - plean a sholáthraíonn ní hamháin uirlisí agus acmhainní teicneolaíochta cothrom le dáta d'fhoireann an FTO, ach tuiscint ar roghanna eolacha a cheadú freisin maidir lena n-úsáid shábháilte, éifeachtúil agus eiticiúil do thaighdeoirí agus d'fhoireann na Roinne Tástála, tuiscint ghrinn ar na timpeallachtaí teicneolaíochta agus na dúshlán sna comhthéacsanna scoile éagsúla ina gcuirtear trialacha agus staidéir thaighde an FTO i bhfeidhm.

Cuspóirí, spriocanna agus torthaí 2022-2024

Cuspóirí

- 1. Cobhsú** chun solúbthacht a fháil don timpeallacht oibre; don timpeallacht fhisiceach agus don bhonneagar; agus do staidéir agus seirbhísí taighde, meastóireachta agus measúnaithe, mar fhreagairt ar dhúshlán acmhainní agus ar phaindéim COVID-19
- 2. Breisiú**, neartú agus feabhsú ar rialachas corparáideach agus comhlíonadh; ar fhorbairt agus seachadadh trialacha; agus ar anailís agus tuairisciú
- 3. Nuálú** a thabhairt chuig táirgí agus seirbhísí; teicneolaíocht, uirlisí agus ionstraimí; agus eolas agus modhanna.

Spriocanna

- I gcomhar leis an Roinn, struchtúr agus plean acmhainní inmharthana, ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre
- I gcomhar leis an Roinn, clár oibre an FTO d'fhorbairt agus do chaighdeánú trialacha a neartú d'fhonn staidéir forbartha tástála, a aithnítear le chéile mar ardtosaíocht, a chur i bhfeidhm

3. Freagairt inbhuanaithe agus seasmhach a bhunú ar COVID-19 a ionchorpraíonn monatóireacht leanúnach agus bainistíocht riosca agus polasaí oibre cumaisc fadtéarmach
4. Straitéis TF a bhunú atá dlúthcheangailte le rialachas agus comhlíonadh agus le tosaíochtaí straitéiseacha an FTO
5. Straitéis chuimsitheach taighde agus measúnaithe a bhunú a thrasnaíonn measúnuithe ar mhórsála, meastóireachtaí, agus forbairt trialacha agus seirbhísí tástála do ghníomhaíochtaí scoile agus a chuimsíonn snáithe modheolaíochtaí anailíse agus naisc leis an straitéis FGL
6. Straitéis FGL a bhunú a chuimsíonn contanam FGL, a chuireann comhoibriú chun cinn, agus a ionchorpraíonn rannpháirtíocht, coinneáil agus folláine
7. Straitéis chumarsáide a bhunú a thugann tosaíocht don fheasacht agus don teagmháil leis an lucht éisteachta, le grúpaí Gaeilge, RSO agus BTB
8. Éifeachtachtaí breise a bhaint amach maidir le staidéir thaighde agus mheastóireachta a riar
9. Tógáil ar an gComhaontú le OCBÁC agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rialacht ar úinéireacht foirgneamh na Roinne Tástála d'fhonn feabhsuithe práinneacha a dhéanamh ar bhonneagar fisiceach an FTO
10. Struchtúir rialachais a neartú tuilleadh, le tosaíocht ag airgeadas, riosca agus iniúchadh, rialachas sonraí, agus AD.

Torthaí

1. Feidhmeanna reachtúla soiléire an FTO a fheidhmiú agus a acmhainniú laistigh de struchtúr comhleanúnach chun pleanáil straitéiseach agus acmhainní éifeachtach ilbhliantúil a chumasú idir an FTO agus an RO, aclaíocht sa bhfreagairt ar iarratais ón RO, agus feabhsuithe straitéiseacha chun obair neamhspleách agus comhoibriú a chumasú tuilleadh
2. Clár forbartha tástála agus caighdeánaithe modúlach éifeachtúil a thosú a sholáthraíonn aschuir ardchaighdeán agus a oireann go maith do riachtanais náisiúnta agus áitiúla agus do thosaíochtaí straitéiseacha
3. Eagraíocht mhuiníneach, sheasmhach agus shofhreagrach a ionchorpraíonn solúbthacht agus teicneolaíocht go héifeachtach ina timpeallacht oibre ach nach scaoileann lena croíluachanna ná a cultúr
4. Uirlisí TF, acmhainní, polasaithe agus próisis TF, acmhainní, beartais agus próisis a chuireann ar chumas na foirne oibriú go héifeachtach agus le feasacht níos leithne ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar chomhthéacsanna náisiúnta
5. Straitéis taighde agus measúnaithe atá ag teacht le comhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne, óna dtagann comhleanúnachas straitéiseach méadaithe ar fud na heagraíochta, agus a cheadaíonn éifeachtachtaí agus nuálaíochtaí a shainaithint
6. Straitéis forbartha gairmiúla agus pearsanta óna dtagann feabhsuithe i rannpháirtíocht, coinneáil, foghlaim ghairmiúil agus folláine
7. Straitéis cumarsáide a bhíonn rathúil maidir le feasacht agus teagmháil leis an lucht éisteachta, agus fócas ar leith ar ghrúpaí Gaeilge, RSO agus BTB

8. Staidéir thaighde agus mheastóireachta a bhíonn á riar ar bhealach níos éifeachtaí chun níos mó ama a cheadú d'obair anailíse agus nuálaíochta
9. Bonneagar fisiceach tacaithe ag plean tógála 10 mbliana, le hobair tosaithe chun dul i ngleic le himní faoi acmhainn, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil
10. Eagraíocht atá ag gnóthú nó ag druidim i dtreo barr feabhais i ngach réimse rialachais.

Gníomhaíochtaí

Déanann Tábla 1 ar na chéad leathanaigh eile gach ceann de na 10 sprioc a bhriseadh ina 50 gníomh, amlíne luaithe le gach gníomh, an chéim nó na céimeanna den straitéis lena bhfuil sé nasctha, agus idirspleáchais, nuair is cuí.

Rud tábhachtach, ní bheidh ar chumas an FTO spriocanna/gníomhaíochtaí lena mbaineann spleáchais sheachtracha a bhaint amach leis féin amháin. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil 26 de na 50 gníomhaíocht spleách ar an RO d'acmhainní agus/nó d'fhaomhadh. Tá na 50 gníomhaíocht leagtha amach thar thréimhse agus bliain mar atá le feiceáil thíos.

Tréimhse		Bliain	
<i>Cobhsú</i>	26 (52%)	2022	21 (42%)
<i>Breisiú</i>	17 (34%)	2023	19 (38%)
<i>Nuálú</i>	7 (14%)	2024	10 (20%)

Tábla 1. Spriocanna, tréimhsí, gníomhaíochtaí, amlínte agus spleáchais do phlean straitéiseach 2022-2024 an FTO

Sprioc	Tréimhse	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais
1: I gcomhar leis an Roinn, struchtúr agus plean acmhainní inmharthana, ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre	Cobhsú (1.1-1.4); Breisiú (1.5-1.6)	1.1. I gcomhar leis an Roinn, príomhghnéithe de struchtúr agus plean acmhainní ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre	R2 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)
		1.2. Plean lucht saothair a athbhreithniú agus a nuashonrú	R3 2022	
		1.3. I gcomhar leis an Roinn, plean acmhainne ilbhliana a thabhairt chun críche	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)
		1.4. Monatóireacht/nuashonrú a dhéanamh ar phlean acmhainne ilbhliana agus ar phlean lucht saothair de réir mar is gá	R4 2023, R4 2024, níos minice de réir mar is gá	Spleách ar an RO (acmhainní)
		1.5. Stádas RPO a éileamh ón IRC	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)
		1.6. Córas rianaithe a chur i bhfeidhm chun freagairtí straitéiseacha ar iarratais agus deiseanna taighde a chumasú	R1 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)
2: I gcomhar leis an Roinn, clár oibre an FTO d'fhorbairt agus do chaighdeánú trialacha a neartú d'fhonn staidéir forbartha tástála, a aithnítear le chéile mar ardtosaíocht, a chur i bhfeidhm	Cobhsú (iad go léir)	2.1. Clár oibre agus acmhainní Roinne d'fhorbairt/do chaighdeánú trialacha a athbhreithniú agus a chomhaontú	R3 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)
		2.2. Agus an fhoireann ann, tús a chur leis an gcéad chéim den chlár oibre ar thrialacha a fhorbairt/a chaighdeánú	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)
		2.3. I gcomhar le soláthraí measúnaithe ar líne, éifeachtachtaí sreafaí oibre d'fhorbairt trialacha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm	R4 2022	Spleách ar sholáthraithe seachtracha (bainistíocht caidrimh/conartha)

Tábla 1. Ar lean.

Sprioc	Tréimhse	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais
3: Freagairt inbhuanaithe agus seasmhach a bhunú ar COVID-19 a ionchorpraíonn monatóireacht leanúnach agus bainistíocht riosca agus polasaí oibre cumaisc fadtéarmach	Cobhsú (iad go léir)	3.1. Monatóireachta a dhéanamh ar thionchair COVID-19 ar amlínte, buiséid, nósanna imeachta, aschuir, soláthraithe	R1 2022, Leantach	Spleách ar sholáthraithe seachtracha (bainistíocht caidrimh/ conartha)
		3.2. Comhairliúchán foirne a thabhairt chun críche ar pholasaí oibre cumaisc	R2 2022	
		3.3. An chéad leagan den pholasaí oibre cumaisc a thabhairt chun críche	R2 2022	Spleách ar threoirlínte náisiúnta agus tuismitheora Roinne (comhlíonadh)
4: Straitéis TF a bhunú atá dlúthcheangailte le rialachas agus comhlíonadh agus le tosaíochtaí straitéiseacha an FTO	Cobhsú (iad go léir)	4.1. Tionscadail phráinneacha bonneagair TF a thabhairt chun críche	R4 2022	Spleách ar sholáthraithe seachtracha (bainistíocht caidrimh agus conartha)
		4.2. Sraith polasaithe TF agus tacaíochtaí oiliúna ábhartha a thabhairt chun críche	R4 2022	
		4.3. Doiciméad straitéise TF a thabhairt chun críche	R2 2023	

Tábla 1. Ar lean.

Sprioc	Tréimhse	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais
5: Straitéis agus measúnaithe a bhunú a thrasnaíonn measúnuithe ar mhórsála, meastóireachtaí, agus forbairt trialacha agus seirbhísí tástála do ghníomhaíochtaí scoile agus a chuimsíonn snáithe modheolaíochtaí anailíse agus naisc leis an straitéis FTO	Cobhsú (5.1-5.3); Breisiú (5.4-5.7); Nuálú (5.8-5.10)	5.1. Snáitheanna den obair fhorbartha tástála atá ann cheana féin a thabhairt chun críche/a chríochnú: bunscoil	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní)
		5.2. Snáitheanna den obair fhorbartha tástála atá ann cheana féin a thabhairt chun críche/a chríochnú: iar-bhunscoil	R4 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)
		5.3. Ceann Taighde agus Oibríochtaí a earcú (PO)	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh)
		5.4. Clár oibre/tosaíochtaí forbartha measúnaithe agus tástála ar mhórsála a bhunú	R2 2023	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhóir seachtrach (comhairliúcháin)
		5.5. Cartlann sonraí tástála FTO agus plean anailíse cuimsitheach bainteach leis a bhunú	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní)
		5.6. Tosaíochtaí anailíse a shainaithint agus iad a cheangal leis an straitéis FGL	R3 2023	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhóir seachtrach (comhairliúcháin)
		5.7. An doiciméad straitéise do thaighde agus measúnú a chríochnú	R2 2024	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)
		5.8. Iniúchadh ar riarachán féideartha ar líne a dhéanamh don chéad bhabhta eile de NAMER (lena n-áirítear roghanna ró-shamplála, buntáistí agus dúshláin a bhaineann le haistriú go riarachán ar líne)	R4 2023	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhóir seachtrach (comhairliúcháin)
		5.9. I gcomhar leis an Roinn, clár nuálach monatóireachta bliantúil a fhorbairt bunaithe ar thorthaí tástála caighdeánaithe	R3 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus comhairliúcháin)
		5.10. Cuir chuige modheolaíochta agus anailíseach nuálacha a chur i bhfeidhm ar thacaí sonraí atá ann cheana, m.sh. obair thaiscéalaíoch in anailís bhraisle, mianadóireacht sonraí, anailísí ar leibhéal míre ar mhíreanna tástála LSA	R2 2024, Leantach	

Tábla 1. Ar lean.

Spríoc	Tréimhse	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais
6: Straitéis FGL a bhunú a chuimsíonn contanam FGL, a chuireann comhoibriú chun cinn, agus a ionchorpraíonn rannpháirtíocht, coinneáil agus folláine	Breisiú (6.1-6.4); Nuálú (6.5)	6.1. Mairtís scileanna nuashonraithe a chomhlánú	R1 2023	
		6.2. Comhairliúchán foirne ar fhorbairt agus ar rannpháirtíocht ghairmiúil agus phearsanta, agus ar fholláine, a chríochnú	R1 2023	
		6.3. An doiciméad straitéise FGL a chríochnú	R3 2023	
		6.4. Coiste folláine FTO a bhunú	R3 2023	
		6.5. Grúpa oibre amháin nó níos mó a bhunú chun foghlaim chomhroinnte ar thopaic ar leith a chur chun cinn le naisc chomhoibríoch a chur le heagraíochtaí eile, nuair is cuí	R2 2024, leantach	
7: Straitéis chumarsáide a bhunú a thugann tosaíocht don fheasacht agus don teagmháil leis an lucht éisteachta, le grúpaí Gaeilge, RSO agus BTB	Breisiú (7.1-7.2); Nuálú (7.3)	7.1. Comhairliúchán le geallsealbhóirí ar straitéis chumarsáide a chríochnú	R1 2024	Spleách ar an RO agus ar gheallsealbhóir seachtrach (comhairliúcháin)
		7.2. Doiciméad straitéise cumarsáide a chríochnú a chuimsíonn cumarsáid inmheánach agus sheachtrach lena n-áirítear (i) scaipeadh trí ghrafaicí eolais nó trí mhodhanna neamhtheicniúla eile chun pobal níos leithne a rochtain, (ii) teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí trí úsáid a bhaint as físeáin nó as modhanna dinimiciúla eile, (iii) aschuir Ghaeilge, (iv) eolas a scaipeadh i bhfóraitheicniúla, thaighde agus acadúla, agus (v) aschuir lena n-áirítear trialacha agus suirbhéanna do ghrúpaí RSO agus BTB	R3 2024	Spleách ar an RO (acmhainní)
		7.3. Cuir chuige nuálacha agus comhoibríoch a maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana agus scaipthe a bhreithniú, m.sh. rannpháirtíocht le daoine óga; fóram measúnaithe bliantúil nó débhlantúil arna eagrú ag an FTO	R3 2024, leantach	Spleách ar an RO (acmhainní)

Tábla 1. Ar lean.

Spríoc	Tréimhse	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais
8: Éifeachtachtaí breise a bhaint amach maidir le staidéir thaighde agus mheastóireachta a riar	Cobhsú (iad go léir)	8.1. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí obair bhuíne	R2 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.2)
		8.2. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí theicneolaíochtaí digiteacha	R3 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)
		8.3. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí bhealaí rialachais sonraí	R3 2023	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)
9: Tógáil ar an gComhaontú le OCBÁC agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rialtacht ar úinéireacht foirgneamh na Roinne Tástála d'fhonn feabhsuithe práinneacha a dhéanamh ar bhonneagar fisiceach an FTO	Cobhsú (9.1-9.4); Breisiú (9.5-9.6); Nuálú (9.7)	9.1. Ceadúnas d'oibreacha le OCBÁC a bhunú	R4 2022	Spleách ar OCBÁC (comhaontuithe)
		9.2. Oibriú le foireann ailtire, sonraíochtaí a bhunú do thionscadail tógála	R4 2022	
		9.3. Oibriú le OCBÁC agus le páirtithe ábhartha eile chun úinéireacht iomlán rialta ar an Roinn Tástála a bhunú	R4 2022	Spleách ar OCBÁC (comhaontuithe)
		9.4. Oiriúnacht don fheidhm na Roinne Tástála a athbhreithniú chun cinneadh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile	R3 2023	
		9.5. Straitéis tógála 10-mbliana a bhunú	R1 2024	
		9.6. Tús a chur le hoibreacha tógála práinneacha (m.sh. ardaitheoir a shuiteáil, athchumrú na leabharlainne, athfheistiú na cistine)	R3 2023, Leantach	Spleách ar an RO (acmhainní)
		9.7. Raon feabhsuithe agus nuálaíochtaí a theastaíonn le haghaidh spriocanna inbhuanaitheachta 2030 a thosú agus a mhonatóireacht	R1 2024, Leantach	Spleách ar an RO (acmhainní)

Tábla 1. Ar lean.

Sprioc	Tréimhse	Gníomhaíochtaí	Amlíne	Spleáchais		
10: Struchtúir rialachais a neartú tuilleadh, le tosaíocht ag airgeadas, riosca agus iniúchadh, rialachas sonraí, agus AD	Cobhsú (10.1-10.5, 10.7); Breisiú (10.6)	10.1. Clár riosca straitéiseach cothrom le dáta agus córas monatóireachta dinimiciúil a bhunú	R4 2022	Spleách ar an RO agus an RCPA (comhaontuithe)		
		10.2. Sruthlíniú breise a bhaint amach ar chórais bhainistíochta airgeadais agus ar thuarisciú	R4 2022			
		10.3. Comhráite leanúnach a choinneáil maidir le pinsin	R1 2022, Leantach			
				10.4. Lámhleabhar AD a bhunú le sraith iomlán polasaithe agus nósanna imeachta AD, tacaíthe ag inlíon na foirne	R4 2022	Spleách ar an RO (acmhainní agus faomhadh, féach 5.3)
				10.5. Liosta tosaíochtaí rialachais maidir le sonraí taighde a bhunú	R2 2023	
				10.6. Feabhsuithe riachtanacha a bhaint amach maidir le polasaithe agus próisis rialachais sonraí	R2 2024	
				10.7. Tús a chur le hobair ar réiteach fadtéarmach leabharlainne ar líne a bhunú don fhoireann taighde	R4 2022	
				Spleách ar an RO (acmhainní)		

Cuid 4: Athbhreithniú agus monatóireacht

Déanfar athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach ar spriocanna agus ar ghníomhaíochtaí na straitéise ar thrí leibhéal:

- Cruinnithe inmheánacha d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an FTO gach ocht seachtaine nó mar sin.
- Athbhreithniú rathúil ar an dul chun cinn ar an straitéis ag cruinnithe de Bhord Rialachais an FTO.
- Athbhreithniú ar an dul chun cinn ar an straitéis ag cruinnithe rialachais FTO-Roinne tacaíthe ag an gComhaontú Seachadta Feidhmíochta bliantúil.

Tá athbhreithniú agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha mar chuid de phlean gnó bliantúil an FTO, ina sanntar úinéirí agus an leibhéal iarrachta do gach ceann de na 50 gníomh faoi 10 sprioc na straitéise.

Tá an phleanáil gnó deartha chun ailíniú a éascú idir na feidhmeanna pleanála agus straitéiseacha éagsúla agus na próisis doiciméadaithe, i.e.


- Straitéis taighde agus measúnaithe
- Pleanáil an lucht saothair
- Bainistíocht agus pleanáil airgeadais agus buiséid
- Straitéis riosca agus bainistíocht riosca
- Straitéis TF
- AD agus pleanáil agus straitéis don fhorbairt ghairmiúil
- Pleanáil iniúchta inmheánaigh
- Straitéis tógála an FTO.

Cé go bhfuil a lán bainte amach le linn shaolré an chéad phlean straitéisigh (2019-2021), beidh iarrachtaí suntasacha de dhíth le linn na dtrí bliana atá le teacht. In ainneoin ardleibhéal éiginnteachta, tá an FTO dóchasach, trína hiarrachtaí féin, trí rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn agus le tacaíocht na Roinne, agus trí mhaoirsiú straitéiseach ón mBord, go mbeidh go leor dá fheidhmeanna níos seasmhaí agus, trí obair spriocdhírthe chun iad seo a fheabhsú, go mbeimid ábalta ár bhfís a bhaint amach maidir le nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm laistigh den eagraíocht agus chun leasa an chórais oideachais i gcoitinne.

Aguisín: Liosta na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí a ndeachthas i gcomhairle leo faoin bplean

Tá cló **trom** ar na comhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí a chuir isteach freagra ar chomhairliúchán an FTO.

- **An Roinn Oideachais (RO) (Freagra comhordaithe ag an Láraonad Beartais, LAB)**
- **An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA)**
- An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ)
- **An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)**
- An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO)
- **An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)**
- **Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)**
- **An Chomhairle Mhúinteoireachta**
- **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)**
- Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (LPBÉ)
- Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (CNPPT)
- Gaeloideachas
- An Foras Pátrúnachta
- Foghlaim le Chéile
- Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ)
- Cumann Meánmhúinteoirí na hÉireann (CMMÉ)
- **Aontas Múinteoirí Éireann (AMÉ)**
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoil)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunscoil)
- Comhairle na nÓg
- Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann (ADIÉ)
- Cumann Ollscoileanna Éireann (COÉ)
- **An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE)**
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)
- **An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES)**
- **An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).**



Foras Taighde ar
Oideachas
Educational
Research Centre